Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**5876/22**

**FIN 99**
**INST 21**
**PE-L 4**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 5669/22 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2022 laistigh de Roinn III – An Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022 |

1. An 26 Eanáir 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2022 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (EGF/2022/000 TA 2022 – Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún)[1] a shlógadh, i gcomhréir le hAirteagal 31 (1) den Rialachán Airgeadais[2].

2. Is é is cuspóir don aistriú sin EUR 290 000 i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí a aistriú ó Airteagal 30 04 02 (*Cúlchiste le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*) agus EUR 290 000 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta ó Airteagal 16 02 02 (*an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)*) go hAirteagal 16 01 01 (*Caiteachas tacaíochta don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha*), mar a leagtar amach in 5669/22.

---

1 5668/22.

2 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra i leith aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 1 Feabhra 2022.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 5669/22 iad; agus

- an dréachtlitir chuige sin atá san IARSCRÍBHINN.

---

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

cóip chuig: Uachtarán an Choimisiúin

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 18 Iúil 2018[1], cuirim in iúl duit gur cheadaigh an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2022 laistigh de Roinn III – An Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2022.

(Beannachtaí scoir).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).